

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dréacht-Fhodhlíthe
Arna ndéanamh faoi Chuid V de
Acht na mBóithre, 1993
(arna leasú)

Fodhlíthe arna ndéanamh ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an XX lá de
2020 faoi

Cuid V d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú)

a dhéanann difear don Bhóthar Dola os cionn Abhainn na Life ar a dtugtar an
Nascbhóthar Thoir.

CUID 1

Sainmhíniú:

1. Tá an chiall, leis seo, a shanntar dóibh, faoi seach, ag na focail seo a leanas sna Fodhlíthe seo, seachas nuair a luaitear a mhalairt go sainráite, is é sin le rá:

Ciallaíonn “an tAcht”	Acht na mBóithre, 1993 arna leasú.
Ciallaíonn “Otharcharr”	feithicil faoi thiomáint mheicniúil a aithnítear ar an taobh amuigh agus a úsáidtear mar fheithicil chun daoine breoite, gortaithe nó faoi mhíchumas a iompar, agus chun é sin amháin a dhéanamh.
Ciallaíonn “an Dola Cuí”	an dola a ríomhtar agus tagairt á déanamh don Chéad Sceideal a ghabhann leis seo nó a mhéadaítear i gcomhréir le Fodhlí 12 a ghabhann leis seo, atá iníoctha maidir le feithicil.
Ciallaíonn “na Bundolaí”	na dolaí a leagtar amach sa Chéad Sceideal a ghabhann leis seo.
Ciallaíonn “Cuideachta an Droichid”	Cuideachta Ghníomhaíochta Sainithe Dhroichead Dola na Rinne
Ciallaíonn “Bus”	feithicil faoi thiomáint mheicniúil a thógtar nó a oiriúnaítear chun 12 phaisinéir nó níos mó agus a ngiurléidí a iompar agus nach ndéantar a thógáil ná a oiriúnú go substainteach lena húsáid chun earraí ná ualach d’aon sórt a iompar, cibé acu i gcaitheamh trádáil nó rud eile a dhéanamh ar a bhfuil meáchan gan ualach nach troime ná 6 thonna.
Ciallaíonn “Feithicil Tráchtála”	feithicil faoi thiomáint mheicniúil a thógtar nó a oiriúnaítear go substainteach lena húsáid chun earraí nó ualach d’aon sórt a iompar, cibé acu i gcaitheamh trádáil nó rud eile a dhéanamh.
Ciallaíonn “an Chomhairle”	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Ciallaíonn “Tiománaí”	an duine i gceannas ar fheithicil
Ciallaíonn “RBD”	ríomhbhailiúchán dolaí nuair a chuirtear an dliteanas chun dola a íoc i gcomhréir leis na hAchtanna agus na Fodhlíthe seo i gcuntas trí mheán leictreonach
Ciallaíonn “Feithicil Bhriogáid Dóiteáin”	feithicil faoi thiomáint mheicniúil ar mhaithe le comhrac dóiteáin nó daoine, nó réadmhaoin a tharrtháil ó bhaol nó don dá chuspóir siúd.
Ciallaíonn “Gluaisteán”	feithicil faoi thiomáint mheicniúil nach gluaisrothar nó feithicil tráchtála é agus a thógtar nó a oiriúnaítear go príomha é chun níos lú ná 12 phaisinéir agus a nguirléidí a iompar.
Ciallaíonn “Gluaisrothar”	rothar faoi thiomáint mheicniúil nó mótarchuidithe a bhfuil nó nach bhfuil carr cliathánach ceangailte leis.
Ciallaíonn “Gnáthrothar”	rothar nó trírothach a oibrítear le troitheán.
Ciallaíonn “Coisí”	duine ar chos.
Ciallaíonn “Both Dolaí”	an foirgneamh seasta nó soghluaiste a thógtar ar an mBóthar Dola chun dolaí a bhailiú.
Ciallaíonn “Trealamh Bailithe Dolaí”	an trealamh, an meaisín nó an córas siúd a dearadh chun dolaí a fháil agus/nó a chur i gcuntas trí mheán meicniúil, leictreach, leictreonach nó eile agus áireofar leis aon mheaisín nó córas ríomhbhailiúcháin dolaí (RBD) a úsáidtear.
Ciallaíonn “Bailitheoir Dola”	duine a rinne an Chomhairle nó Cuideachta an Droichid a cheapadh nó a údarú chun dolaí a bhailiú ar an mBóthar Dola agus chun fáltais a eisiúint agus a iniúchadh agus chun oibreacha coimhdeacha a dhéanamh i ndáil le reáchtáil an Bhóthair Dhola agus áireofar leis aon Oifigeach údaraithe Chuideachta an Droichid nó na Comhairle
Ciallaíonn “an Bóthar Dola”	an Bóthar Dola a thrasnaíonn Abhainn na Life i mBaile Átha Cliath ón acomhal ag Cé an Phoirt Thuaidh agus Bóthar an Phoirt

Thoir ar an taobh thuaidh go dtí Bóthar Eabhrac ar an taobh theas agus áirítear leis an bóthar, an droichead agus oibreacha coimhdeacha ina bhfuil bóthar droichid dhá lána réise oscailte a shíneann ón droichead ar an taobh theas a dhéanann ceangal leis an Nascbhóthar Theas, an Baile Gaelach, an Rinn, Baile Átha Cliath.

Ciallaíonn “Bliain Dola”

an tréimhse 12 mhí dar tús an 1ú lá d’Eanáir agus dar críoch an 31ú lá de mhí na Nollag in aon bhliain.

Ciallaíonn “Leantóir”

feithicil atá ceangailte le feithicil eile (atá ceangailte trí fhorleagan páirteach san áireamh) ar mhaithe lena tharraingt leis sin nó lena tharraingt féin leis sin.

Ciallaíonn “Feithicil”

aon fheithicil, córas iompair nó modh iompair a úsáideann an Bóthar Dola agus áireofar leis leantóir.

CUID II

ÚSÁID AN BHÓTHAIR DHOLA

1. Is féidir le gach aicme thráchtá, coisithe, gnáthrothair agus gluaisrothair, gluasteáin, busanna, feithicil earraí, otharcharranna agus feithicilí briogáid dóiteáin ina measc an Bóthar Dola a úsáid ach an dola chuí a íoc, mura bhfuil díolúine acu ó iad a íoc faoi na Fodhlíthe seo.

AN CEART CHUN DOLAÍ A ÉILEAMH

2. Féadfaidh an Chomhairle nó Cuideachta an Droichid, a ghníomhaíonn lena toiliú, dolaí a éileamh, a ghlacadh agus a aisghabháil, faoi mar a leagtar amach anseo istigh.

DOLAÍ A ÍOC

3. Íocfaidh tiománaí feithicle a liostaítear sa Chéad Sceideal an dola cuí maidir leis an bhfeithicil ar an mBóthar Dola a úsáid agus beidh an dola siúd iníoctha i ndiaidh aon chuid den Bhóthar Dola a iontráil.

BOTH DOLAÍ

4. Íocfaidh tiománaí feithicle a liostaítear sa Chéad Sceideal an dola cuí nuair a úsáideann siad an Bóthar Dola

LEANTÓIRÍ

5. Nuair a tharraingíonn feithicil leantóir, caithfear leis an leantóir agus an fheithicil mar aon fheithicil ilchodach amháin agus deimhneofar an aicme thráchtá lena mbaineann an fheithicil ilchodach siúd trí mheáchain gan ualach na feithicle agus an leantóra a shuimiú lena chéile agus tríd an líon acastóirí a shuimiú le chéile, cibé acu má dhéanann nó mura ndéanann na hacastóirí teagmháil leis an talamh; a fhad agus nach mbainfidh seo le leantóir a tharraingíonn gluaisrothar, gnáthrothar, gluasteán, bus nó aon fheithicil eile nach sáraíonn a meáchan gan ualach tonna amháin.

AN CEART CHUN BÓTHAR DOLA A ÚSÁID

6. I ndiaidh an dola cuí a íoc le bailitheoir dolaí nó an dola cuí a chur isteach i meaisín Bhailiúcháin Bhoth Dolaí nó ar aon bhealach eile, beidh an tiománaí i dteideal úsáid a bhaint as an mBóthar Dola.

FÁLTAS

7. Ar dhola a íoc le Bailitheoir Dolaí, beidh an tiománaí i dteideal fáltas a fháil don dola íocadh ar a iarraidh.

DÍOLÚINTÍ

8. Ní bheidh dola iníoctha maidir le

catagóirí úsáideoirí an Bhóthair Dhola, faoi mar a leagtar amach Dara Sceideal a ghabhann leis seo.

OIBLEAGÁID CHUN DOLA A ÍOC

9. Faoi réir aon díolúintí faoi na Fodhlíthe seo, ní féidir le duine ar bith an Bóthar Dola a úsáid gan an dola cuí a íoc.

DIÚLTAÍONN TIOMÁNAÍ CHUN DOLA A ÍOC

10.1 Sa chás go ndiúltaíonn nó go dtugann tiománaí neamhaird ar aon dola nó aon chuid de dhola a íoc atá dlite go dleathach faoi na Fodhlíthe seo, is féidir le Bailitheoir Dolaí a dhiúltú chun cead a thabhairt don tiománaí gluaiseacht tríd an mBóthar Dola nó trí aon Bhoth Dolaí nó aon áit eile ina bhféadfaí an dola siúd a íoc agus féadfaidh sé, leis féin, nó le cúnaimh, de réir mar a mheasfaidh sé is gá, an tiománaí a dhiúltaíonn nó a thugann neamhaird ar an dola siúd a íoc, a stopadh nó a chosc ó ghluaiseacht trí nó thar an gcéanna.

10.2 Ní oibreoidh ná ní dhéanfaidh aon duine iarracht trealamh bailithe Dola a oibriú trí earraí seachas boinn reatha ainmníocht chuí an stáit nó ní chuirfidh aon duine isteach, ar bhealach eile, ar an trealamh bailithe dola agus é ar intinn buntáiste airgid a fháil dó féin go mí-ionraic.

LIOSTA NA NDOLAÍ ATÁ LE TAISPEÁINT

11. Taispeánfar liosta de na dolaí a údaraítear sna Fodhlíthe seo ag gach tráth in áit fheiceálach ag an mbealach isteach nó i ngar don bhealach isteach chuig an mBóthar Dola.

MÉID NA NDOLAÍ

12a. Is iad na dolaí a leagtar amach sa Chéad Sceideal a ghabhann leis seo na bundolaí a ríomhtar amhail Lár mhí Lúnasa 2019. Ag an dáta sin, ba é an Praghasinnéacs Tomhaltóirí (gach Earra), faoi mar a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh, 102.8

b. Is iad na bundolaí iolraithe faoin bPraghasinnéacs Tomhaltóirí i dtaobh Lár mhí Lúnasa an bhliain roimhe sin na dolaí féin a bheidh iníoctha in aon bhliain (arb é sin an chéad Phraghasinnéacs a foilsíodh don tréimhse sin) roinnte faoin bpraghasinnéacs tosaigh 102.8.

c. Sa chás nach bhfoilsítear an Praghasinnéacs Tomhaltóirí in aon bliain amháin, leanfar leis an innéacs is déanaí a úsáid.

d. Ríomhfar na dolaí leasaithe siúd i leith an 10c is gaire.

e. Sa chás nach dtagann athrú ar an Innéacs cuí in aon bhliain nó go dtugtar laghdú faoi deara air anuas ó fhiúirí na bliana roimhe sin, is amhlaidh a bheidh na dolaí agus faoi mar a bhí siad an bhliain roimhe sin.

f. Beidh na dolaí méadaithe siúd le hóc agus beidh siad iníoctha amhail ón gcéad lá d'Eanáir I ndiaidh Lár mhí Lúnasa, faoi mar a luaitear thuas, in aon bhliain.

g. Taispeánfar liosta de na dolaí do gach bliain a ríomhtar ar an mbealach sin ar láithreán gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

BAIC

13a Ní cheadóidh aon duine atá i gceannas ar rothar, cairrín, carráiste, gluaisteán, bus, feithicil nó córas iompair d'aon sort é a fhágáil ar an mBóthar Dola a chuirfidh bac ar an trácht trí úsáid a bhaint as an mBóthar Dola nó ar oibriú réise oscailte an Bhóthair Dhola.

b. Is féidir leis na Bailitheoirí Dola, iad féin nó le cabhair, de réir mar a mheasann siad is gá, na baic siúd a bhaint nó a chur faoi ndeara na baic siúd a bhaint ón mBóthar Dola agus ní bheidh an Chomhairle, Cuideachta an Droichid ná a seirbhísigh, gníomhairí ná fostaithe faoi dhliteanas as aon díobháil a dhéantar ar an mbac siúd a bhaint.

14. Déantar na Fodhlíthe arna ndéanamh faoin Acht Sláinte (Poiblí), 1878 agus an tAcht Rialtais Áitiúil (Bóithre Dola), 1979 a dhéanann difear don bhóthar dola trasna Abhainn na Life, ar a dtugtar an Nascbhóthar Thoir, arna ndéanamh ag an gComhairle an 13ú lá d'Eanáir 1983 agus arna ndeimhniú ag an Aire Comhshaoil an 29ú lá de Mhárta 1983 a chúlghairm, leis seo.

15. I gcomhréir le hAlt 61(8) den Acht,

tiocfaidh na Fodhlíthe seo i bhfeidhm
an XXX.

CUID III

AN CHÉAD SCEIDEAL

MÉID AN BHUNDOLA

Le héifeacht ón 1ú lá de Bhealtaine 2020

AICME AN TRÁCHTA

		Náid
1	Catagóirí úsáideoirí a liostaítear sa Dara Sceideal a ghabhann leis seo:-	
2	Gluaisteáin	€1.90
3	Busanna (mura bhfuil siad díolmhaithe faoi Sceideal 2)	€2.90
4	Feithiclí Tráchtála nach gcuirtear san áireamh in aon aicme eile ar a bhfuil meáchan gan ualach nach troime ná 2 thonna	€2.90
5	Feithiclí Tráchtála ar a bhfuil meáchan gan ualach níos troime ná 2 thonna agus nach bhfuil níos mó ná 2 acastóir acu	€3.90
6	Feithiclí Tráchtála ar a bhfuil meáchan gan ualach níos troime ná 2 thonna agus nach bhfuil níos mó ná 3 acastóir acu	€4.80
7	Feithiclí Tráchtála ar a bhfuil meáchan gan ualach níos troime ná 2 thonna agus nach bhfuil níos mó ná 4 acastóir acu	€5.80
8	Feithiclí Tráchtála ar a bhfuil meáchan gan ualach níos troime ná 2 thonna agus a bhfuil níos mó ná 5 acastóir acu.	€5.80

Nóta: seachas i rith uaireanta oibre thródam Feithiclí Earraí Troma CCBÁC, faoi mar a leagtar amach faoi láthair agus nuair nár sháraigh an fheithicil riachtanais an tródam Feithiclí Earraí Troma, gearrfar táille Náid.

CUID IV

AN DARA SCEIDEAL

Ní bheidh AON Dolaí iníoctha maidir leis an méid seo a leanas:

- (1) Coisithe
- (2) Busanna iompair phoiblí Ceadúnaithe an Údaráis Náisiúnta Iompair (an ÚNI)
- (3) Feithiclí briogáid dóiteáin
- (4) Otharchairr
- (5) Feithiclí marcáilte atá á n-úsáid ag na Fórsaí Cosanta, an Garda Síochána, agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcaitheamh a ndualgas
- (6) Gnáthrothair agus gluaisrothair
- (7) Feithiclí sainoiriúnaithe atá á dtiomáint ag daoine faoi mhíchumas.
- (8) Feithiclí faoi thiomáint mheicniúil nach n-úsáidtear ach chun ainmhithe breoite, gortaithe nó ar strae a iompar agus atá inaitheanta amhlaidh ar an taobh amuigh.